An Roinn Oideachais
Department of Education

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna aitheanta, na Meánscoileanna Deonacha aitheanta, na bPobalscoileanna aitheanta agus na Scoileanna cuimsitheacha aitheanta sa Scéim Saoroideachais**

**Maidir le: Socruithe eatramhacha le haghaidh Deontais Seirbhísí Coimhdeacha (lena n-áirítear Deontais ón gCiste Tacaíochta Seirbhísí Scoile, Deontais Bhunúsacha Rúnaithe, agus Deontais Rúnaithe ón gCiste Tacaíochta Seirbhísí Scoile) a íoc le scoileanna don tréimhse ó mhí Eanáir go mí Lúnasa 2024.**

Is é cuspóir an fhógra seo scoileanna a chur ar an eolas faoi na socruithe le haghaidh cistiú Deontais Seirbhísí Coimhdeacha (lena n-áirítear Deontais ón gCiste Tacaíochta Seirbhísí Scoile agus Deontais Rúnaithe) a íoc don tréimhse ó mhí Eanáir go mí Lúnasa 2024.

**Socruithe eatramhacha íocaíochta deontais don tréimhse ó mhí Eanáir go mí Lúnasa 2024**

Déanfar íocaíochtaí deontais sna laethanta atá romhainn, mar atá leagtha amach thíos.

1. Scoileanna **nach bhfuil a ndeontais le hathbhreithniú** toisc nach bhfuil acu aon rúnaí deontaschistithe a d'aistrigh chuig párolla na Roinne ó mhí Mheán Fómhair 2023 i leith.

| Deontais a ríomh | Bunscoileanna | Meánscoileanna Deonacha | Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha |
|---|---|---|---|
| Ríomhfar deontais ar an ngnáthbhealach (gan aon laghdú). | Ocht ndódhéagú den Deontas Seirbhísí Coimhdeacha a bheadh iníoctha i mí an Mhárta. | Tráthchodanna mhí Eanáir agus mhí Aibreáin den Deontas ón gCiste Tacaíochta Seirbhísí Scoile, den Deontas Bunúsach Rúnaithe, agus den Deontas Rúnaithe ón gCiste Tacaíochta Seirbhísí Scoile | Tráthchuid mhí an Mhárta den Deontas ón gCiste Tacaíochta Seirbhísí Scoile, agus ina dhiaidh sin tráthchuid mhí an Mheithimh nuair a thiocfaidh sí chun bheith dlite |

2. Scoileanna **a bhfuil a ndeontais le hathbhreithniú.**

   Thug scoileanna mionsonraí don Roinn faoi na tuarastail a d'íoc siad le rúnaithe deontaschistithe a d'aistrigh chuig párolla na Roinne ó mhí Mheán Fómhair i leith. Úsáidfear an fhaisnéis sin an athuair chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcistiú deontais a bhaineann le seirbhísí coimhdeacha atá dlite do na scoileanna sin don tréimhse ó mhí Eanáir go mí Lúnasa 2024. Tá achoimre ar an socrú leagtha amach thíos.

**Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659**
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath, N37 X659
ccfinancial@department.gov.ie
www.gov.ie/education

| **Deontais a ríomh** | **Bunscoileanna** | **Meánscoileanna Deonacha** | **Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha** |
|---|---|---|---|
| **Deontas atá le híoc** | Ocht ndódhéagú den Deontas Seirbhísí Coimhdeacha a bheadh iníoctha i mí an Mhárta. | Tráthchodanna mhí Eanáir agus mhí Aibreáin den Deontas ón gCiste Tacaíochta Seirbhísí Scoile, den Deontas Bunúsach Rúnaithe, agus den Deontas Rúnaithe ón gCiste Tacaíochta Seirbhísí Scoile | Tráthchuid mhí an Mhárta den Deontas ón gCiste Tacaíochta Seirbhísí Scoile, agus ina dhiaidh sin tráthchuid mhí an Mheithimh nuair a thiocfaidh sí chun bheith dlite |
| **Lúide** | (Na mionsonraí faoin tuarastal bliantúil deontaschistithe + na mionsonraí faoin Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC) ón bhFostóir a sholáthair scoileanna don Roinn i leith na Rúnaithe sin a d’aistrigh chuig Párolla na Roinne i mí Mheán Fómhair 2023)[1] | | |
| | ÷ 12 mhí x 8 mí | ÷ 12 mhí x 4 mhí do gach tráthchuid | ÷ 12 mhí x 4 mhí do gach tráthchuid |
| **Nóta 1:** Cuireadh mionsonraí faoi na tuarastail sin ar áireamh i gcumarsáidí a d’eisigh Rannóg Párolla na Roinne maidir leis na riaráistí tuarastail is iníoctha le scoileanna don scoilbhliain 2022/23. Ba cheart aon cheisteanna i ndáil leis na tuarastail sin a sheoladh chuig an Roinn, mar atá luaite sa chumarsáid sin. | | | |

Tabhair faoi deara gurb amhlaidh, i líon beag cásanna nach bhfuil mionsonraí faoi thuarastail dheontaschistithe ar fáil iontu, atá an laghdú bunaithe ar na huaireanta a oibríodh sa scoilbhliain 2023/24 agus ar an ráta íosta €13 in aghaidh na huaire a comhaontaíodh mar chuid den phróiseas eadrána i ndáil le pá Rúnaithe agus Airíoch deontaschistithe Scoile. Féach ciorcláin 0076/2018 (Bunscoileanna) agus 0077/2018 (Iar-bhunscoileanna) chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin ráta sin a raibh feidhm aige ón 1 Eanáir 2019.

Mar a cuireadh in iúl roimhe seo, bhí sé beartaithe go dtosófaí ar an Deontas Seirbhísí Coimhdeacha a íoc le Bunscoileanna ar bhonn bliantúil an athuair don scoilbhliain 2023/24 agus go n-íocfaí i mí an Mhárta 2024 é. Leanfaí ar aghaidh le cistiú deontais ón gCiste Tacaíochta Seirbhísí Scoile do Mheánscoileanna Deonacha, do Phobalscoileanna agus do Scoileanna Cuimsitheacha a íoc ar aon dul leis na socruithe reatha tráthchoda. Ní rabhthas in ann é sin a dhéanamh go dtí seo, áfach, toisc nár críochnaíodh go fóill an obair chun a chinneadh cén modh a úsáidfear chun Deontais Seirbhísí Coimhdeacha a ríomh tar éis aistriú na rúnaithe deontaschistithe chuig párolla atá faoi oibriú ag an Roinn i mí Mheán Fómhair 2023.

Tá sé beartaithe go mbeidh an laghdú ar an gcistiú Deontais Seirbhísí Coimhdeacha chomh réasúnach agus chomh cothrom agus is féidir do gach scoil. Glacfaidh tú leis, áfach, gur tasc casta é sin, mar gheall ar an rogha a thugtar do bhoird bhainistíochta chun a socruithe féin a chur i bhfeidhm do sheirbhísí rúnaíochta de réir na n-acmhainní a bhíonn ar fáil, lena n-áirítear an tsolúbthacht chun féachaint ar an Deontas Seirbhísí Coimhdeacha agus ar an Deontas Caipitíochta mar dheontas coiteann.

Tuigeann an Roinn go maith an gá leis an gcistiú Deontais Seirbhísí Coimhdeacha a bhí le híoc le Meánscoileanna Deonacha i mí Eanáir agus a bhí le híoc le Bunscoileanna, le Pobalscoileanna agus le Scoileanna Cuimsitheacha i mí an Mhárta a eisiúint, mar aon le tráthchodanna breise a eisiúint de réir mar a thiocfaidh siad chun bheith dlite. Dá bhrí sin, chun aon mhoill eile a sheachaint, cinneadh na deontais sin a íoc trí leas a bhaint as na socruithe eatramhacha céanna a raibh feidhm acu i mí na Nollag 2023.

**Íocaíochtaí deontais amach anseo**

Maidir leis na Deontais Seirbhísí Coimhdeacha atá fós le híoc le Meánscoileanna Deonacha, le Pobalscoileanna agus le Scoileanna Cuimsitheacha sa bhliain 2024, tá sé beartaithe go n-íocfar iad de réir mar a thiocfaidh siad chun bheith dlite ó mhí Mheán Fómhair 2024 i leith. I gcás Bunscoileanna, déanfar an deontas atá fós dlite don bhliain 2024 a íoc a luaithe is féidir sa chéad téarma den scoilbhliain 2024/25.

Mar a deimhníodh roimhe seo, ní dhéanfar aon laghdú ar chistiú Deontais Caipitíochta, agus tá obair ar siúl chun teacht ar mhodh le haghaidh caighdeánú a dhéanamh ar an laghdú ar na Deontais Seirbhísí Coimhdeacha san fhadtéarma i gcás go bhfuil rúnaithe scoile á n-íoc ar phárolla na Roinne.

Rachfar i mbun idirchaidrimh le comhlachtaí bainistíochta scoile chun plé a dhéanamh ar na socruithe sin chun a chinntiú go mbeidh siad chomh réasúnach agus chomh cothrom agus is féidir do gach scoil, agus tabharfar tuilleadh mionsonraí do scoileanna faoi na socruithe sin a luaithe a bheidh siad ar fáil.

**Ceisteanna**

Ba cheart ceisteanna maidir leis na socruithe eatramhacha le haghaidh na Deontais Seirbhísí Coimhdeacha a íoc a sheoladh chuig sdfinfo@education.gov.ie.

Scríobh “Deontas Eatramhach Seirbhísí Coimhdeacha 2024” i líne ábhair an ríomhphoist.

Is mise le meas,

Clíodhna O’Neill

Rúnaí Cúnta Gníomhach

Aibreán 2024